C/2024/6885

12.11.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11784 — AURELIUS / WHAT'S COOKING SAVOURY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6885)

1. An 5 Samhain 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Aurelius Investment Lux One S.à r.l. ('Aurelius', Lucsamburg),

— What's Cooking Savoury Belgium NV ('What's Cooking', an Bheilg).

Gheobhaidh Aurelius rialú aonair, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar What's Cooking ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuid de Aurelius Group é Aurelius, agus tá Aurelius Group gníomhach ar fud an domhain mar chuideachta infheistíochta gcothromais phríobháidigh agus mar bhainisteoir sócmhainní a bhfuil cuideachtaí punainne éagsúla faoina seilbh atá gníomhach sa tionscal, sa cheimic, sa mhiondíol, i seirbhísí gnó, sna meáin agus sa TF, agus sa lónadóireacht aerlíne,

— Tá What's Cooking gníomhach i dtáirgeadh agus díol feolta agus leatháin phróiseáilte den chuid is mó, agus soláthraíonn sé réitigh maidir le sliseadh agus pacáistiú do sheirbhísí sa Bheilg, san Ísiltír, sa Ghearmáin, sa Ríocht Aontaithe, sa Spáinn, sa Fhrainc, i Lucsamburg agus sa Rómáin.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11784 — AURELIUS / WHAT'S COOKING SAVOURY

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË